

Obair Tí – Plé

Treoracha agus moltaí

Seo bileog plé bunaithe ar an topaic ‘obair tí’. Táthar ag glacadh leis go bhfuil obair ar stór focal a bhaineann leis an topaic seo déanta leis na foghlaimeoirí roimh ré.

Treoracha

Cuid A

Cuir na foghlaimeoirí ag obair i ngrúpaí chun plé beag a dhéanamh ar an ráiteas sa bhosca.

Cuid B

Cleachtadh beag léamhthuisceana atá anseo. Cuir na foghlaimeoirí ag léamh an téacs agus iarr orthu na focail i gcló trom a thomhas.

Cuid C

Iarr ar na foghlaimeoirí na focail a cheangal leis an bpictiúr ceart i.e. na focail ‘néata’, ‘foirfe’, ‘tá gléas ann’ etc. sa bhosca a bhfuil an teach glan ann agus na focail ‘bunoscionn’, ‘bréan’ etc. sa bhosca a bhfuil an teach mí-néata ann.

Cuid D


- Obair aonair: Iarr ar na foghlaimeoirí na rudaí sa bhosca a chur in ord.
- Obair bheirte nó obair ghrúpa: Caithfidh siad a gcúiseanna a phlé le daoine eile.

Cuid E

Is féidir na foghlaimeoirí a eagrú i ngrúpaí don phlé seo agus é a leanúint le plé ranga.

Obair Tí – Plé

A. Pléigh an pictiúr seo.



B. Léigh na ráitis seo. Cé acu ceann is cosúla le do dhearcadh féin ar obair tí?

1. Is breá liom an obair tí! Bíonn an tigh glan is néata is gcónaí agus is fuath liom nuair a bhíonn rudaí trína chéile.
2. Ní maith liom an teach a bheith rónéata – cuireann sé strus orm! Scaoilim leis na jabanna ar fad go dtí go mbíonn **géarchéim** ann agus ansin tugaim fúthu **go doicheadallach**.
3. Tugaim **breabanna** do na páistí chun an obair tí a dhéanamh – ní bhíonn aon bhaint agam leis an obair tí.

C. Féach ar na focail thíos. Cuir sa bhosca ceart iad.

néata, trína chéile, bunoscionn, foirfe, chomh glan le scilling nua, bréan, lofa, tá gléas ann



D. Cuir na jabanna tí seo in ord 1-5. Tabhair 1 don jab is fearr leat agus 5 don jab is measa leat. Pléigh na cúiseanna le do ghrúpa.

Uimhir	Jab
	Iarnáil.
	Glanadh an tseomra folctha.
	Ag déanamh an dinnéir.
	Ag dul go dtí an t-ollmhargadh.
	Ag plé leis an níochán.

E. Pléigh na ceisteanna seo:

- Dá mbeifeá le jab amháin a thabhairt do dhuine eile le déanamh gach seachtain, cén ceann a roghnófa? Cén fáth?
- Cad iad na jabanna a dhéanann do pháistí sa teach?
- Conas a spreagann tú do pháistí le hobair tí a dhéanamh?